

Rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gComhshaol (AIE)

Tá tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol atá ar lámh againn. Tagann an ceart seo ó Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007 - 2018.

Iarratas ar Fhaisnéis Comhshaoil

Chun iarratas a chur isteach, seol ríomhphost chuig aie@galwaycoco.ie a leagann amach an cineál eolais atá uait. Nó is féidir leat litir a sheoladh chuig an Rúnaí Contae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, ag insint cén cineál eolais atá uait.

Nóta: Nuair atá do ríomhphost/litir á scríobh agat, déan cinnte go luann tú go bhfuil tú ar thóir rochtain chuig eolas faoi 'Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2007 go 2018'.

Cuirfidh muid freagra chugat chomh luath agus is féidir ach ar a dheireanaí, laistigh de mhí amháin ó fhaightear d'iarratas.

Má tá cúnaimh ag teastáil uait le d'iarratas nó má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait, déan teagmháil linn ar ríomhphost chuig aie@galwaycoco.ie nó ag an seoladh poist thíos.

Catagóirí Faisnéise ar féidir leat rochtain a fháil orthu

Clúdaíonn an Treoir faisnéis atá i seilbh i bhformáid scríofa, físeach, cluasach, leictreonach nó i bhformáid ábhartha eile. Tá 6 chatagóir eolais laistigh den Treoir seo:

1. Staid na ndúl comhshaoil, mar shampla aer, uisce, ithir, talamh, tírdhreach, éagsúlacht bhitheolaíoch.
2. Nithe a bhfuil tionchar acu ar na dúile comhshaoil, nó a bhféadfadh an tionchar sin a bheith acu, mar shampla fuinneamh, torann, radaíocht, dramhaíl, nó astuithe eile isteach sa chomhshaol.
3. Bearta a bhfuil d'aidhm acu na dúile comhshaoil a chosaint, mar shampla beartais, reachtaíocht, pleananna, cláir, comhaontuithe comhshaoil.
4. Tuarascálacha ar chur i bhfeidhm reachtaíochta comhshaoil.
5. Anailís agus bunúis bharúla a úsáidtear laistigh de fhrámaíocht na mbearta chun an comhshaol a chosaint.
6. Staid sláinte agus sábháilteachta daonna, an bhiashlabhra, suíomh cultúrtha agus struchtúr tógtha, sa mhéid go bhféadfadh na dúile comhshaoil dul i bhfeidhm orthu.

Táillí

Níl aon táille thosaigh i gceist chun iarratas a dhéanamh faoi rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE). Ligeann na Rialacháin d'Údarás Áitiúil táille réasúnta a ghearradh as an gcostas a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a sholáthar más gá. D'fhéadfadh costais phoist agus fótachóipeála a bheith i gceist leis an táille sin, chomh maith le costais inchurtha leis an am a chaitheann baill foirne ag freagairt iarratais ar leithligh ar fhaisnéis, lena n-áirítear an t-am a chaitear ar an bhfaisnéis a chuardach agus í a chur san fhoirm is gá. Ní áirítear áfach costais inchurtha le cláir ná faisnéis faoin gcomhshaol a bhunú ná a chothabháil, mar a ndéantar foráil dó faoi Alt 15(1)(b) de na Rialacháin AIE.

Bheadh costais den sórt sin ar an mbonn céanna leo sin a fheidhmítear faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

1. Sa chás go mbeidh cruachóipeanna de dhíth ó iarratasóir, beidh táille €0.04 an leathanach i gceist, ag brath ar an líon faisnéise atá san iarratas.
2. €20.00 san uair in aghaidh an bhaill foirne atá ag déileáil leis an iarratas AIE – Cuardach, Aisghabháil agus Cóipeail.

Tá sin faoi réir ag an bhforáil sháraitheach in Alt 5 den Treoir nach sáróidh costais den sórt sin méid réasúnta.

Cuirfear mionsonraí faoi táillí, más ann dóibh, in iúl sa litir leis an gcinneadh deiridh, nuair a bheidh scrúdú agus breithniú déanta ar an iarratas.

Is ceart a thabhairt ar aird gur féidir táillí ar sholáthar faisnéise a tharscaoileadh sa chás gur níos lú ná €10.00 a mheasfar a bheidh sa chostas.

Sa chás go mbeidh lucht iarrtha in ann féachaint ar na doiciméid istigh in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ní ghearrfar aon táille ar rochtain a fháil ar na taifid sin, ach is rud faoi leith é sin, seachas na muirir a léirítear thuas.

Cead Achomhairc

Faoi Airteagal 11 de na Rialacháin AIE, tá sé de cheart agat athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar chinneadh. Is éard atá i gceist le hathbhreithniú inmheánach athmhachnamh iomlán a dhéanamh ar an ábhar ag ball d'fhoireann an Údaráis Áitiúil seo, nach bhfuil baint aige/aici leis an gcinneadh bunaidh, atá ar chomhchéim nó ar chéim níos airde ná an chéad chinnteoir, a fhéadfaidh an bunchinneadh a dhearbhu, a athrú nó a neamhniú.

Mura bhfaigheann tú cinneadh faoin dáta sonraithe, is féidir leat athbhreithniú inmheánach a iarraidh, is féidir leat é sin a dhéanamh trí scríobh chuig Rúnaí Contae, Oifigeach AIE. Ní mór an t-iarratas seo a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfuil an cinneadh le bheith faighte. Cuirfear cinneadh an athbhreithnithe inmheánaigh in iúl duit laistigh de mhí amháin tar éis d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach a fháil.

Níl aon táille i gceist le hiarratas ar athbhreithniú inmheánach a dhéanamh.

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra maidir le d'athbhreithniú inmheánach, féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil chun achomharc a chur isteach.

Cosnaíonn sé €50.00 achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, nó €15.00 má tá cárta leighis agat nó má tá tú ag brath ar dhuine le cárta leighis, nó tríú páirtí a dhéanann achomharc in aghaidh an chinnidh faisnéis áirithe a scaoileadh.

Do thuilleadh eolais maidir le hiarratais AIE, déan teagmháil le:

An Rúnaí Contae,

Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Fón: (091) 509000;

Ríomhphost: aie@galwaycoco.ie